Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0008 (COD)**

**12843/1/25**
**REV 1**

**CODEC 1264**
**SOC 611**
**STATIS 64**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh Eorpach i ndáil leis an daonra agus i ndáil le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 20 Eanáir 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 338(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 16 Márta 2023[2].

3. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2023[3].

4. Thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh an 14 Bealtaine 2025[4].

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024[5].

[1] 5588/23 + ADD 1 to 7.
[2] IO C 123, 5.4.2023, lgh. 9-11.
[3] IO C 228, 29.6.2023, lgh. 148-148.
[4] 10505/25.
[5] 11132/24.

6. An 28 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[6], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

7. An 6 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) an comhaontú sealadach agus sheol Cathaoirleach an Choiste sin litir ina dhiaidh sin chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar sonraíodh gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch) a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air[7].

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uaithi, mar a leagtar amach in 9858/25 é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 9858/25 ADD 1 REV 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bheilg, an Iodáil agus an Fhionlainn ag staonadh ón vótáil.

9. Leagtar amach na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

[6] 9153/25.
[7] 12997/25.